Mó ioná iarla ainm Séamais

[Carney, James: *Poems on the Butlers: of Ormond, Cahir, and Dunboyne (A.D. 1400-1650)*, Dublin, 1945, poem 17; see also Studies 37 (1948) 219-25]

Uaithne mac Uilliam Í Chobhthaigh

1 Mó iná iarla ainm Sémais,
gidh ainm iarla a ainm dualais;
sluagh Gall ar fheadh do fhéghais,
meadh Shémais ann ní fhuarais.

2 Iarla as chuirthe ’na chomhar
ní fhuighthear d’fhiadhnaibh brughadh;
dá thír do fhuaigh gan aineamh,
uaim Laighean ré mín Mumhan.

3 Críoch Ghaoidheal d’uaim a uga,
a chaoilshleagh uaidh nár fhada;
ní nós do fhóbair d’oba
tós troda ó ógaibh aga.

4 Moide clú iarla an Inbhir
crú na n-iarladh a hAlmhain;
níor chlaon a barr do bhiodhbhaidh
craobh d’fhiodhbhaidh Ghall ór ghabhluigh.

5 Don leith do-ríne ragha
leath an mhíliodh gur mheala;
gan chur gcroinn ar Chró Logha
roinn logha dó fa-deara.

6 Laighnigh ag triall san tealaigh
fán triath lé n-airgthir Ulaidh;
agraidh thall ar fhéin nOiligh
soighin Chlann Néill a-nuraidh.

7 Clann Éireamhóin an aonaigh
gan léirthionóil Ghall géabhaidh,
gan chur n-áigh rú níor réidhigh
Crú Éibhir dob áil d’fhéughain.

8 Do bhaoi an t-ainm ar a aire
dá ghnaoi go gairm na sgoile;
don iarmhar níor fhéag file,
séad fine iarladh oile.

9 Fear séad do dháil tar dhligheadh,
dá ghrés gan dáimh do dhearadh;
ón chléir gan ghruaidh do ghoradh,

léim gan bhloghadh mbruaigh bearar.

10 Cuidébhaid a mbeirn bhaoghail
Builtéraigh lé a fheidhm d'fhéaghain;
lé a fhéin a dtreas suil tiaghair
diamhair a chleas féin féaghaidh.

11 Ré gan urdhubhadh n-oinigh,
d'Urmhumhain as hé as eighir;
ré lán as meadh don Mhumhain,
bean dán cubhaidh dál deighfhir.

12 A iath do-chuaidh fá chánaidh,
an triath dár dhual a díoghail,
tearc díobh do-chóidh ar gcúlaibh,
tóir dhúnaidh ríogh fá ríoghain.

13 Gar don fhiadh oighre Piarais,
sgiath dá choimhdhe ar a chléabhois;
agh san leirg dob fhear eólais
seólais bean do sheilg Shéamais.

14 Ag sin ribh rádh gach cléire,
[gan a ndáil níor dhligh Guaire,
ionann sin as díol dáimhe]
"dáile díon ghil na gruaidhe."

15 Do chuir leathach clú ad chomaidh
crú Ghearailt tar an nGallfhuil;
gnáth gach cnú fán gcnaoi mhullaigh,
tú at urraidh re gnaoi ag Gallaibh.

16 Dod thréidhibh ceard an churadh,
an féinnidh rér bheadhg Balar -
ní fríth libh a gcléith comhar -
ar mbloghadh sgéith t'fhir fhaladh.

17 Sgél folaigh ar feadh ndeabhtha
nach foghuir lét fhear n-iomtha,
ad láimh gur leagh an dornchla;
t'fhear comtha áigh ní fhionnfa.

18 Do chuir líon ngráidh ar ghabhlaibh
nár dháigh acht dá dhíol inbhir;
a gruaidh ghairthe a dtigh theaghlaigh
dearbhaidh sin t'aithne d'inghin.

19 Gan teagmháil ribh im reannaibh,
ag sin eadráin an iomaidh,
tú a lár na gliadh re nGallaibh,

fian bhrannaimh san ágh iomaibh.

20 Airm san bheirn díbh gá ndathadh
ar t’fheidhm do bhí ’na bhreitheamh
d’fhior fhuar nír theó san tochar
do dhochar gleó uadh d’fheitheamh.

21 Do chuaidh an éinbhean d’fhearaibh
go bhfuair fhéinnidh rér fhuirigh -
fada a-tá ar ceilt ad chomhair -
do sheirc fholaigh mhná Muighigh.

22 Níor anais a ua Sadhbha
led shluagh gur bhlaghais bhearna;
guais le fear más fleadh dhiomdha
fleadh fán hiomdha fear feadhma.

23 Do clos d’fhuighlibh ót araidh
gur chuimhnigh ar chol ndeighfhir
bean gan shuan a-réir romhaibh,
dual cobhair ghéill a ngeimhil.

24 T’fhaicsin ré mbearna mbaoghail
a meanma an faitsin fóiridh,
sibh mur bhudh eadh gan t’fhéaghain
féaghaidh bean fhir at óiridh.

25 Cloch fhaghlaidh bídh fád bhárduibh,
an tír ’na hadhbhaidh uaignigh,
gaoth chean do-chóidh fát ógbhaidh
tógbhaidh teagh óil dá uaidnibh.

26 Reagar a leas ann t’fhuaradh,
do lann a dtreas gá téaghadh;
lór do thuar ar Ghort nGaoidheal
laoidheadh druadh ort at énar.

27 An Cú fa tóir don tánaidh
a chlú do-chóidh a gcianuibh,
do long do-chuaidh ’sna céimibh,
Fonn Éibhir uaibh ar iarraidh.

28 Tug ar mhnáibh maoith ar madain
a sgaoth ó thráigh do thogaibh,
gaoth chuain don reódh do fhreagair,
fuair ’na leabaidh ceól codail.

29 Fuair d’Éirinn rogha ríghe
ar ttogha Éireann óighe,
dul ón Bhrugh go bun Súire

ag cur thnúidhe ar Bhrugh mBóinne.

30 A chomhdhál tarla im Thailtin -
fá orlár mBanbha biodhgfaidh -
tig én tar tuinn san teanntaidh
nár fhégh d'ealtuibh Fhuinn Fhionntain.

31 Beart don taobh oile imridh
laogh na hoighe dá healbhaidh,
nír thil Corc acht Clár Luimnigh
dál Muimhnigh thort go Teamhruigh.

32 Fiodh réidh ré n-iorghail uime
a bhiodhbhaidh ag béin mhoille;
biaidh an t-áth fá fhéin Chaille
léim aille ag cách 'na gcoinne

33 Ceó ó dheabhaidh gha ngréine,
do-gheabhtha brat bhudh buaine;
treisi le teas na síne
deisi shídhe im eas n-uaine.

34 Sgáile a feadh nó go bhfalaigh -
an tsreabh as áille n-oirir -
ar gcur chúil re Fiadh bhFuinidh,
cuiridh grian ar Shúir shoighin.

35 Braon annamh tré ghaoibh gréine
do chlannaigh re craoibh bhfeóighe,
do-ní dár leagh don luaidhe
tí uaine ar feadh na Feoire.

36 'Na himlibh an tráth térna
[ar inghin dob fháth liamhna]
feadh faithche le fuaim ndíorma
gruaidh ríoghna ag aithni an iarla.

37 Sí do chách as cliath dhídin
a sgiath an tráth do thógaibh;
neimh an chuaigh ar an gcéid-digh,
léigidh shleigh uaidh ré n-óguibh.

38 Ar dteacht chléire as-dteagh triallaidh
le a fhéile mar fhear laoidhidh;
cuiridh sgor seang a srianuibh
crodh d'iarraidh nár fhearr d'aoighidh.

39 Do-roinne ag roinn a cheana
a choinne re Cloinn Mogha;
"gan bhrath ní bhia," ar an t-ara,

“cia a ragha cath nó comha?”